Uisce na Gaillimhe truaillithe

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thruailliú ar uisce i gContae na Gaillimhe. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad as a dtagann an t-uisce atá ar fáil agat sa bhaile? An bhfuil sé glan? An ólann tú é? Cad iad na slite difriúla ina bhféadfadh an t-uisce sin bheith truaillithe? (Smaoinigh ar thionsclaíocht, feirmeoireacht, oibreacha bóthar, srl.)

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. beforehand _____
2. in the west _____
3. straight from the tap _____
4. in case the water is contaminated _____
5. people are boiling water _____
6. we have to go out _____
7. just in case _____
8. in the meantime _____
9. shopkeepers _____
10. per day _____
11. per week _____
12. testing the water _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén uair a d'fhógair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nár cheart uisce a ól díreach ón sconna?

2. Cad a chaithfidh daoine a dhéanamh má theastaíonn uisce glan uathu?

3. Cén dearcadh atá ag muintir an cheantair i leith na faidhbe? An bhfuil siad sásta? Cén fáth?

4. Cé mhéid duine atá buailte leis an fhadhb seo?

5. Cén t-athrú atá tagtha ar dhíolachán buidéil uisce, dar leis na siopadóirí?

6. Cad atá á dhéanamh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoin bhfadhb?

Ceist 4 ‘Deir siopadóirí go bhfuil siad ag díol níos mó buidéil uisce anois *in aghaidh an lae* ná mar a bhíodh siad *in aghaidh na seachtaine*.

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigí na habairtí a leanas ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. Tá gairdín mór os comhair _____. (an teach)

2. Tá fuinneog chiorcalach os cionn _____. (an doras)

3. Téann go leor de mhuintir na hÉireann ar saoire sa Spáinn i rith _____. (an samhradh)

4. Chuaigh siad go dtí an teach tábhairne tar éis _____. (an dinnéar)

5. Tá Bríd ag saothrú míle euro in aghaidh _____. (an mhí)

Ceist 5 D’fhógair na húdaráis nár cheart *uisce* díreach ón sconna a ól.’
‘Tá na húdaráis ag moladh do dhaoine gan *an t-uisce* a ól.’

Cén fáth go bhfuil ‘t’ roimh ‘uisce’ sa dara habairt? An féidir leat féin agus an duine in aice leat an t-alt a chur roimh na hainmfhocail thíos agus na hathruithe cuí a dhéanamh? An bhfuil na rialacha ar eolas agaibh?

1	uisce	an t-uisce
2	oifig	
3	fuinneog	
4	ceardlann	
5	múinteoir	
6	árasán	
7	uimhir	
8	fadhb	
9	eitleán	
10	ollmhargadh	
11	seachtain	
12	sráid	
13	siopa	
14	solas	

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa: An dóigh libh gur cheart do na húdaráis cúiteamh a íoc le daoine toisc nach bhfuil uisce ar fáil dóibh ar feadh seachtaine? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. roimh ré
2. san iarthar
3. díreach ón sconna
4. ar eagla go bhfuil an t-uisce truaillithe
5. tá daoine ag bruith uisce
6. tá orainn dul amach
7. ar fhaitíos na bhfaitíos
8. idir an dá linn
9. siopadóirí
10. in aghaidh an lae
11. in aghaidh na seachtaine
12. ag déanamh scrúduithe ar an uisce

Ceist 3

1. Cúig lá ó shin.

2. Caithfidh siad an t-uisce a bhruith nó a cheannach sna siopaí.

3. Níl siad sásta. Deir siad go bhfuil costas agus trioblóid ag baint le bheith ag ceannach uisce.

4. Tá tionchar ag an fhadhb seo ar 90,000 duine.

5. Deir siopadóirí go bhfuil siad ag díol níos mó buidéil uisce anois in aghaidh an lae ná mar a bhíodh siad in aghaidh na seachtaine.

6. Faoi láthair tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Comhairle Contae na Gaillimhe ag déanamh scrúduithe ar an uisce. Idir an dá linn, tá siad ag moladh do dhaoine an t-uisce a bhruith go dtí deireadh na seachtaine ar a laghad.

Ceist 4

An tuiseal ginideach tar éis réamhfhocail chomhshuite atá i gceist anseo.

1. os comhair an tí
2. os cionn an dorais
3. i rith an tsamhraidh
4. tar éis an dinnéir
5. in aghaidh na míosa

Ceist 5

1	uisce	an t-uisce
2	oifig	an oifig
3	fuinneog	an fhuinneog
4	ceardlann	an cheardlann
5	múinteoir	an múinteoir
6	árasán	an t-árasán
7	uimhir	an uimhir
8	fadhb	an fhadhb
9	eitleán	an t-eitleán
10	ollmhargadh	an t-ollmhargadh
11	seachtain	an tseachtain
12	sráid	an tsráid
13	siopa	an siopa
14	solas	an solas

Ceist 5

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Maolra Mac Donnchadha

Ní bheidh beagnach 100,000 duine i gContae na Gaillimhe in ann an t-uisce a ól gan é bheith bruite roimh ré ar feadh seachtaine eile ar a laghad, meastar. Sin é an fógra curtha amach inniu ag údaráis[1] sláinte san iarthar. Tá an scéal ag Caoimhe Ní Chonchoille.

Caoimhe Ní Chonchoille

Tá sé cúig lá ó d'fhógair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nár cheart uisce díreach ón sconna a ól i gceantracha áirithe i nGaillimh ar eagla go bhfuil an t-uisce truaillithe. Ó shin i leith tá daoine ag bruith uisce nó á cheannach ins na siopaí.

Marion Walsh

Níl mé sách sásta faoi fhadhb an uisce i nGaillimh faoi láthair. Tá orainn dul amach go dtí an siopa gach lá le buidéil a cheannach. Níl a fhios againn fós go bhfuil fadhb leis an uisce ach caithfimid bheith cúramach mar sin féin ar fhaitíos na bhfaitíos.

Caoimhe Ní Chonchoille

Deir muintir an cheantair nach bhfuil a fhios acu cén uair a bhéas réiteach ar an scéal agus go bhfuil costas ag baint leis an fhadhb idir an dá linn.

Fear 1

Tá mo bhean chéile ag ceannach buidéil uisce sa siopa mar níl muinín againn san uisce sa bhaile.

Fear 2

Táimid ag ceannach an uisce sna buidéil agus táimid á úsáid sin. Is…*I suppose*… is míchompord é.[2]

Bean

Tá sé an-dona agus tá sé an-chostasach.[3]

Caoimhe Ní Chonchoille

Tá tionchar ag an fhadhb seo ar 90,000 duine agus deir siopadóirí go bhfuil siad ag díol níos mó buidéil uisce anois in aghaidh an lae ná mar a bhíodh siad in aghaidh na seachtaine. Faoi láthair tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Comhairle Contae na Gaillimhe ag déanamh scrúduithe ar an uisce. Deir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go mbeidh siad ag moladh do dhaoine an t-uisce a ghail go dtí deireadh na seachtaine ar a laghad.

Caoimhe Ní Chonchoille, i gcathair na Gaillimhe.

---

[1] *údaráisí* a deirtear sa mhír
[2] *is míchompordach é* a deirtear sa mhír
[3] *an-costasach* a deirtear sa mhír